Léarscáil ag léiriú Uasghráduithe Lána an Mhuilleora Molta agus Lúb Gníomhaíochta Féideartha



Nasc Páirce Chruacháin - *Pointe Cruinnithe*

Soláthróidh forbairt Nasc Páirce Chruacháin neart breise ar inúsáidteacht an bhealaigh tréscaoilteachta. Ní bealach chun dul tríd amháin a bheidh ann ach áit mhealltachta agus thaitneamhachta ar féidir le húsáideoirí taitneamh a bhaint as.

Conair Bithéagsúlachta - *Plandú Dúchasach*

Plandú spreagtha ag tírdhreach Chathair na Gaillimhe, ag baint úsáide as meascán d'athbhunú speicis san fhiantás agus de phlandú ar scála beag chun soláthar a dhéanamh d'fhiadhúra, do phlandú agus do luach taitneamhachta.

Treo-Aimsiú - *Ag Nascadh an Bhealaigh*

Tabharfaidh treochomhartháiocht dhátheangach treoir ar conas rochtain a fháil ar an mbealach. Cruthaíonn Uasghrádú Lána an Mhuilleora deiseanna freisin do thioncadail ionchasacha mar chonairí bithéagsúlachta, tionscadail scoile, nó suiteálacha ealaíne.

Lána an Mhuilleora

Lúb Gníomhaíochta Féideartha

Deiseanna nascachta

Léigh tuilleadh ag www.galwaycity.ie/millarslane

Conair Bithéagsúlachta – Roghanna Lána an Mhuilleora Thuaidh



Nasc Páirce Chruacháin

Nasc leis an gcrann atá ann cheana



Conair Bithéagsúlachta – Roghanna Lána an Mhuilleora Theas

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

Uasghrádú Lána an Mhuilleora

Deireadh Fómhair 2021

A Chara,

Ba mhaith le Comhairle Cathrach na Gaillimhe nuashonrú a sholáthar ar dhul chun cinn uasghrádú Lána an Mhuilleora. Tá an bróisiúr seo á dháileadh ar chónaitheoirí agus ar ghnóanna áitiúla chun a chinntiú go bhfanann tú ar an eolas faoin scéim agus chun a chur in iúl conas atá an scéim ag dul ar aghaidh. Is féidir na líníochtaí sa bhróisiúr seo a fheiceáil níos mionsonraithe ag www.galwaycity.ie/MillarsLane

Is iad cuspóirí Uasghrádú Lána an Mhuilleora:

- Tacú le tréscaoilteacht, trí bhealaí siúlóide agus rothaíochta easbhóthair a sholáthar do chónaitheoirí, agus do leanaí atá ag taisteal ar scoil;
- Naisc a fheabhsú idir Bhóthar Rathúin, Céide an Mhainéir agus na ceantair máguaird;
- Spásanna oscailte éagsúla agus feidhmiúla a chruthú – le cothromaíocht d'úsáidí 'eighníomhacha' agus 'gníomhacha' m.sh. suíocháin, siúl, rothaíocht agus súgradh.

Aithníonn an dearadh íogaireacht éiceolaíoch an bhealaigh, agus déantar soláthar ann do bhithéagsúlacht– flóra agus fána araon. Déantar ceantair de na páirceanna feadh Lána an Mhuilleora a bhainistiú ar mhaithe le pailneoirí, ialtóga agus speicis eile, ag cothromú riachtanais na ndaoine a úsáideann an bealach, agus ag tacú le bithéagsúlacht.

Cuimseoidh na hoibreacha ar Uasghrádú Lána an Mhuilleora soilsiú feadh an bhealaigh, agus crosaire do choisithe ag Gort na Bró chun nascacht a fheabhsú. Nascfaidh Lána an Mhuilleora le Líonra Rothaíochta Chathair na Gaillimhe níos leithne, ag tacú le taisteal ar rothar níos faide ná ceantar Chnoc na Cathrach/Rathúin, agus tacóidh sé freisin le rochtain ar líonra bus na Cathrach.

Na Chéad Chéimeanna Eile

Fáilíonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe roimh d'aiseolas ar an Uasghrádú beartaithe ar Lána an Mhuilleora faoin 22ú Deireadh Fómhair 2021. Ar athbhreithniú ar an aiseolas a fhaightear, agus faoi réir cheadú na gníomhaireachta maoinithe (An tÚdarás Náisiúnta Iompair), meastar go ndéanfar an t-uasghrádú i gCeathrú 1 2022.

Le meas,
An Roinn Iompair, Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Ríomhphost - activetravel@galwaycity.ie
Teil. - 091 536 400
Léigh tuilleadh ag www.galwaycity.ie/millarslane

Comhairle Cathrach na Gaillimhe | Galway City Council

NTA Údarás Náisiúnta Iompair National Transport Authority

Tionscadal Éireann Project Ireland 2040

AECOM

Map showing Proposed Miller's Lane Upgrades and Potential Activity Loop







Interface with existing tree



Cruachan Park Link *- A meeting point*

Developing Cruachan Park Link will provide additional strength to the usability of the permeability route. It will not just be a route to pass through but an attraction and amenity place that users can enjoy.

Biodiversity Trail *- Native Planting*

Planting inspired by Galway City landscape, using a mix of rewilding and small-scale planting to provide for wildlife, planting and amenity value.

Wayfinding *- Linking the route*

Bilingual wayfinding signage will give guidance on how to access the route. The Miller's Lane Upgrade also creates opportunities for potential projects such as biodiversity trails, school projects, or art installations.

Miller's Lane

Potential activity loop

Connectivity opportunities

Read more at www.galwaycity.ie/millerslane

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

Miller's Lane Upgrade

October 2021

A Chara,

Galway City Council would like to provide an update on progress of Miller's Lane upgrade. This brochure is being distributed to local residents and businesses to ensure you stay informed about the scheme and to communicate how the scheme is moving forward. The drawings in this brochure can be viewed in more detail at www.galwaycity.ie/MillersLane

The objectives of the Miller's Lane Upgrade are to:

- Support permeability, by providing off-road walking and cycling routes for residents, and for children travelling to school;
- Enhance connections between Rahoon Road, Manor Drive and the surrounding areas;
- Create diverse and functional open spaces – with a balance of 'passive' and 'active' uses e.g. seating, walking, cycling and play.

The design recognises the ecological sensitivity of the route, and provides for biodiversity – both flora and fauna. Areas of the parks along Miller's Lane will be managed for the benefit of pollinators, bats, and other species, balancing the needs of those using the route, while supporting biodiversity.

Works on the Miller's Lane Upgrade will include lighting along the route, and a pedestrian crossing at Gort na Bró to improve connectivity. Miller's Lane will link into the wider Galway City Cycle Network, supporting travel by bike beyond the Knocknacarra/ Rahoon area, and will also support access to the City bus network.

Next Steps

Galway City Council welcome your feedback on the proposed Miller's Lane Upgrade by the 22nd October 2021. On review of feedback received, and subject to the approval of the funding agency (National Transport Authority), it is envisaged that the upgrade will be undertaken in Quarter 1 2022.

Le meas,
Transport Department, Galway City Council
Email - activetravel@galwaycity.ie
Tel - 091 536 400
Read more at www.galwaycity.ie/millerslane

Comhairle Cathrach na Gaillimhe Galway City Council

NTA Údarás Náisiúnta Iompair National Transport Authority

Tionscadal Éireann Project Ireland 2040

AECOM